

21 Márta 2020

## FÓGRA D'FHOSTÓIRÍ AGUS SOLÁTHRAITHE PINSIN

### **RGFCS Tacaíocht ioncaim do dhaoine atá buailte ag COVID-19 (Coróinvíreas)**

D'fhoilsigh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS) fógra mar eolas d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe ina mínítear bearta ar an gcaoi a gcuirfeadh tacaíocht ioncaim ar fáil do dhaoine atá buailte ag COVID-19 (Coróinvíreas). Tá eolas d'fhostóirí agus d'fhostaithe ar fáil ar [suíomh idirlín an RGFCS](#).

### **Íocaíocht Dífhostaíochta na Paidéime COVID le híoc ag Fostóirí**

Tá eolas ar [shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim](#) maidir leis an scéim aisíocaíochta d'fhostóirí a íocann Íocaíocht Dífhostaíochta na Paidéime COVID go díreach le fostaithe.

### **Athrú do thairsí an Mhuirir Shóisialaigh Uilíoch**

Tar éis don Rialtas a fhógairt i mí na Nollag go n-ardófar an Pá Íosta Náisiúnta chuig €10.10 san uair, tá an tAire Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis athrú i leith na dtairsí MSU a thabhairt isteach. Tá tuilleadh eolais ar an athrú don Phá Íosta Náisiúnta ar fáil ar [shuíomh idirlín an RGFCS](#) agus na leasuithe maidir leis an Muirear Sóisialach Uilíoch ar fáil ar [ár suíomh idirlín](#).

**Tá na rátaí athbheithnithe (le héifeacht ó 1 Eanáir 2020) leagtha amach thíos:**

Ráta Caighdeánach MSU (2020)	
Ráta	Banda ioncaim
0.5%	An chéad €12,012
2%	An chéad €8,472 eile
4.5%	An chéad €49,560 eile
8%	An fuilleach

Cuirfeadh an t-athrú i leith na mbandaí ioncaim san áireamh i bhFógraí Párolla na gCoimisinéirí Ioncaim (fógraí FPCI) agus mar thoradh air sin, beidh athruithe i gceist don chuid is mó d'Fhógraí FPCI.

Ní mór d'fhostóirí fógraí FPCI nua a iarraidh le haghaidh a gcuid fostaithe uile roimh an gcéad dáta pá eile.

### **An Líne Chabhrach Náisiúnta d'Fhostóirí**

Cuireann **an Líne Chabhrach Náisiúnta d'Fhostóirí** eolas agus tacaíocht ar fáil d'fhostóirí. Seo a leanas na sonraí teagmhála:

M'Fhiosruithe: Roghnaigh 'ÍMAT Fostóra' sa bhosca 'Baineann m'Fhiosrú le'.